
# Roghanna Breisoideachais agus Oiliúna (FET) do Lucht Fágála Scoile

-

#CéimChunTosaighleETBDhúnnanGall




etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*



## Cad í do chéad chéim eile?

An bhfuil tú ar tí an scoil a fhágáil nó ar fhág tú an scoil le déanaí agus an bhfuil tú ag smaoineamh ar na roghanna atá agat?

Ar smaoinigh tú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) riamh? An raibh a fhios agat go gcuireann ETB Dhún na nGall, mar an soláthraí FET is mó i gCo. Dhún na nGall, réimse cuimsitheach roghanna ar fáil ar leac an dorais?


Más mian leat airgead a thuilleamh agus tú ag foghlaim nó dul i dtreo na fostaíochta go gasta nó má cuidiú a dhíth ort ar an tslí chuig an tríú leibhéal le cáilíochtaí a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta smaoinigh ar iarratas a dhéanamh ar phrintíseacht, ar chúrsa Iar-Ardteistiméireachta (PLC) nó ar chúrsa oiliúna i scainscileanna nó ar chúrsa oiliúna.


# 10 gCúis le Staidéar Linn



TÁILLÍ ÍSLE NÓ SAOR Ó THÁILLÍ

Bealach chun cinn chuig Fostaíocht agus/nó chuig Cúrsaí Céime in Institiúidí Tríú Leibhéal





FOGHLAIM SHOLÚBTHA DON MHARGADH FOSTAÍOCHTA ATÁ AG ATHRÚ




GAIRMTHREOIR



TUILL AIRGEAD AGUS TÚ AG FOGHLAIM

RANG
ANNA
BEAGA




IS FÉIDIR LEAT RÉIMSE TEASTAS NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA A BHAINT AMACH



DÉANTAR FREASTAL AR MHIC LÉINN DE GACH AOIS

RAON RÉIMSÍ FOGHLAMA





FOIREANN OILTE, THIOMANTA A BHFUIL TAITHÍ ACU

# Cad is printíseacht ann?

Is clár oiliúna lánaimseartha é printíseacht a ghlacann idir dhá agus ceithre bliana le críochnú ag brath ar an cheird nó ar an ghairm atá i gceist.

Is clár oideachais agus oiliúna foirmiúil é printíseacht. Comhcheanglaíonn sí an fhoghlaim in áit oibre in éineacht le foghlaim in ionad oideachais nó oiliúna. "Tuill aigead agus tú ag foghlaim" an cineál oiliúna atá ann. Cuimsíonn Printíseachtaí Ceardaíochta ceirdeanna traidisiúnta mar Leictreach, Cearpantóireacht Pluiméireacht agus Mótarmheicnic agus seachadtar na printíseachtaí sin i 7 gcéim thar cheithre bliana ar a laghad. Ón bhliain 2016, tá méadú suntasach tagtha ar réimse na bprintíseachtaí agus tá printíseachtaí ar fáil anois i dtionscail ar nós TFC, Árachas, Seirbhísí Maoine, Airgeadas, Díolacháin, Fáilteachas; 2 bhliain - 4 bliana a bhíonn i gceist leis na cúrsaí sin.

**Roghnaigh mé printíseacht mar gur léir domsa go raibh lámh mhaith agam ar na hábhair phraiticiúla ar scoil. Cé gur bhain mé go leor pointí amach le dul síos bealach an CAO, toisc go raibh suim mhór agam i gcarrannaí, ba chosúil gur phrintíseacht mhótarmheicnice an rogha ab fhearr dom. Sheiceáil mé an CAO le haghaidh roghanna tríd an bhealach tríú leibhéal ach ní raibh aon rud ar fáil leis an oiread sin le tairiscint do dhuine atá ag iarraidh obair i ngnó na mótar. Tá mé ag baint an-sult as mo phrintíseacht go dtí seo. Tá sé go hiontach a bheith in ann staidéar a dhéanamh ar cheird i réimse ina mbeidh post i gcónaí ar fáil duit agus tuarastal a fháil fosta i gcomparáid le cúrsa fada a dhéanamh sa choláiste agus gan a bheith cinnte faoi cé acu an mbeidh post ar fáil duit nuair a bhainfidh tú céim amach nó nach mbeidh. Má tá printíseacht déanta ag duine beidh sé/sí ábalta post a fháil i gcónaí i dtír dá rogha féin mar go n-aithnítear printíseachtaí ar fud an domhain. Ó chuaigh mé leis an phrintíseacht fuair mé amach nach é bealach an tríú leibhéal an t-aon rogha agus, i gcásanna áirithe, ní hé an rogha is fearr é do gach duine.**

—

Finnian Ward, printíseach Mótarmheicnice,
Cormack Ward Car Sales

**Tá tuilleadh faisnéise ar fáil fosta ar www.apprenticeship.ie**

Cad chuige ar cheart dom smaoineamh ar phrintíseacht a dhéanamh?

-

Tugann printíseachtaí an deis duit scileanna, taithí agus cáilíochtaí a fháilagus pá á thuilleamh agat. Beidh deis agat taithí oibre agus cáilíochtaí praiticiúla a fháil gan iasacht do mhac léinn a tharraingt ort féin agus ag an am chéanna cuirfidh tú le do scileanna fostaíochta agus le do CV.

Cad a chosnaíonn sé printíseacht a dhéanamh?

-

Is beag an costas a bhaineann le printíseacht a dhéanamh. 'Tuill airgead agus tú ag foghlaim' an múnla ata ann i ndáirire agus mar sin íoctar thú i rith do phrintíseachta fiú nuair atá tú ar shiúl ón fhostóir in ionad oideachais nó oiliúna. Íocann printísigh táille mic léinn agus iad ag freastal ar a gcuid oiliúna lasmuigh den phost in Institiúid Ardoideachais. De ghnáth is ionann an táille sin agus an méid ama a chaitheann an printíseach in Institiúid Ardoideachais.

Cá háit ar féidir liom printíseacht a dhéanamh?

-

Toisc go bhfuil meascán d'oiliúint ar an láthair oibre agus lasmuigh de i gceist le printíseacht; caitear 50% den am ar a laghad le fostóir, déanfaidh tú cuid de do phrintíseacht le fostóir agus eilimintí eile le soláthraithe Oiliúna/Oideachais. Tá suíomh na soláthraithe Oiliúna/Oideachais ag brath ar an cheird nó ar an ghairm a roghnaítear.

Cén uair is féidir liom iarratas a dhéanamh ar phrintíseacht?

-

Caithfidh tú socrúchán oibre a shocrú le fostóir ceadaithe agus na critéir incháilitheachta don phrintíseacht roghnaithe a chomhlíonadh sular féidir leat a bheith cláraithe mar phrintíseach. Féadfaidh tú a bheith cláraithe agus tús a chur leis na printíseachtaí traidisiúnta ceardaíochta am ar bith den bhliain. Mar sin féin, de ghnáth ní ghlactar le printíseachtaí úra sna cláir a seoladh i ndiaidh 2016 ach uair sa bhliain go díreach.

# Cad is PLC ann?

Is cúrsaí lánaimseartha iad PLCanna a chuireann meascán d'obair phraiticiúil, d'obair acadúil agus de thaithí oibre ar fáil. Tá cur chuige comhtháite i gceist le cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta; dírítear ar eolas teicniúil, ar chroíscileanna agus ar thaithí oibre. Caitear beagnach leath den am ar PLC ar eolas agus ar oiliúint i scileanna a bhaineann le fostaíocht, agus caitear ceathrú eile den am ar thaithí ábhartha obairbhunaithe.

**Cuireann ETB Dhún na nGall 12 gcúrsaQQI Leibhéal 5 PLC ar fáil sna réimsí seo a leanas:**

— Cúram Ainmhithe
— Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh
— Riarachán Gnó
— Staidéar Gnó
— Teicneolaíocht Foirgníochta
— Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
— Ríomhghnó
— Scileanna Seirbhíse Sláinte
— Oideachas agus Cúram Ionchuimsitheach
— Sainchlár Microsoft Office
— Staidéar Altranais
— Spóirt, Áineas agus Aclaíocht

Cad chuige ar cheart dom smaoineamh ar PLC a dhéanamh?
-
Tá PLCanna ina gcéim mhaith i dtreo fostaíocht oilte agus, dá bhrí sin, tá dlúthnasc acu le hearnáil na tionsclaíochta agus lena cuid riachtanas.

Cad a chosnaíonn sé le PLC a dhéanamh?
-
Tá táille chlárúcháin de €100 i gceist do gach mac léinn. Ní mór do dhaoine nach bhfuil cárta leighis acu táille Scrúdaithe QQI de €50 a íoc fosta.

Cá háit ar féidir liom PLC a dhéanamh?
-
Cuireann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall PLCanna ar fáil i dtrí shuíomh - Na Cealla Beaga (Gairmscoil Chaitríona), Leitir Ceanainn (Coláiste an Eargail) agus Srath an Urláir (Coláiste Ghleann na Finne).

Cén uair is féidir liom iarratas a dhéanamh ar PLC?
-
Tig leat iarratas a dhéanamh ar PLC ag am ar bith ó mhí na Samhna gach bliain le tosú i Meán Fómhair na bliana atá le teacht. Is féidir leat iarratas a dhéanamh fríd an scoil, ar líne trí www.donegaletb.ie/fetcoursefinder nó fríd an CAO - https: //www.cao.ie (ó mhí na Samhna gach bliain).

**Tháinig mé go Coláiste Ghleann na Finne le PLC i Riarachán Gnó (QQI Leibhéal 5) a dhéanamh; bhí an scoil ina raibh mé roimhe seo ollmhór. Mar sin, ní raibh mé in ann an difear a chreidbheáil maidir leis an aird a tugadh dom go haonair. Tá muinín agus scileanna praiticiúla gnóthaithe agam. D'fhás mé go mór mar dhuine agus tá mé ag tnúth anois le bogadh ar aghaidh chuig coláiste tríú leibhéal leis an mhuinín atá faighte agam.**
—
Maria Coyle, mac léinn PLC i Riarachán Gnó,
Coláiste Ghleann na Finne

# Cad atá i gceist le hOiliúint i Sainscileanna?

Is cúrsaí lánaimseartha iad cúrsaí oiliúna i sainscileanna a mhaireann idir sé agus daichead seachtain. Tá sé mar aidhm acu réimse scileanna a bhaineann le hinfhostaitheacht agus cáilíochtaí foirmiúla gairme a thabhairt do mhic léinn chun iad siúd atá ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair a éascú agus dóibh siúd ar mian leo a gcuid scileanna a nuashonrú nó scileanna úra a fhoghlaim.

**Cuireann ETB Dhún na nGall cúrsaí oiliúna i sainscileanna ar fáil ag Leibhéil 3, 4, 5 agus 6 trí QQI nó creidiúnú aitheanta eile tionscail i raon réimsí lena n-áirítear:**

— Tiomáint Bus
— Feithicil Earraí Troma (Tiomáint HGV)
— Ilmheáin
— Teagascóir Surfála agus Garda Tarrthála Trá
— Táthú

**Rinne mé staidéar ar Mhiotalóireacht ar scoil agus thuig mé ón tús gur thaitin sí go mór liom mar ábhar. Bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh cur le mo chuid eolais agus le mo chuid scileanna agus mar sin thosaigh mé ag déanamh taighde ar chúrsaí. Tháinig mé ar an chúrsa táthúcháin i nGaoth Dobhair - bhí sé an-oiriúnach domsa agus bhí sé saor in aisce! Is scil é an táthú is féidir liom a thabhairt liom áit ar bith ar domhan agus tá a fhios agam go bhfuil saol maith i ndán dom.**

—

Adam Cassidy, mac léinn táthúcháin,
Ionad Oiliúna Gaoth Dobhair

Cad chuige ar cheart dom smaoineamh ar chúrsa oiliúna i sainscileanna a dhéanamh?

-

Tugann oiliúint i sainscileanna an deis do rannpháirtithe scileanna agus eolas ceannródaíoch a fhorbairt ionas go mbeidh siad níos oilte agus níos infhostaithe. Cuireann cúrsa oiliúna i sainscileanna le roghanna gairme na rannpháirtithe agus ligeann sé d'fhostóirí rochtain a fháil ar réimse daoine oilte.

Cad a chosnaíonn sé cúrsa oiliúna i sainscileanna a dhéanamh

-

Tá cúrsaí oiliúna i sainscileanna saor in aisce agus d'fhéadfaí liúntas oiliúna a íoc leat i rith do chúrsa. Féadfaidh tú liúntas cóiríochta a éileamh fosta más gá duit maireachtáil as baile i rith an chúrsa. Tá liúntas taistil ar fáil mar rogha do dhaoine áirithe fosta.

Cá háit ar féidir liom cúrsa oiliúna i sainscileanna a dhéanamh?

-

Cuireann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall oiliúint i sainscileanna ar fáil i roinnt áiteanna ar fud an chontae lena n-áirítear a Ionaid Oiliúna i nGaoth Dobhair agus Leitir Ceanainn.

Cén uair is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chúrsa oiliúna i sainscileanna?

-

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar chúrsa oiliúna i sainscileanna ag amanna éagsúla i rith na bliana. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne fríd www.donegaletb.ie/fetcoursefinder (bain úsáid as an fhocal a thagraíonn don scil mar tháthú nó surfáil mar d'Eochairfhocal) nó fríd an CAO - https://www.cao.ie.

**Tá oiliúint i sainscileanna maoinithe ag an Aontas Eorpach – NextGenerationEU.**

Le cistiú ón Aontas Eorpach
NextGenerationEU

# Cad atá i gceist le Cúrsa Oiliúna?

Is clár oiliúna struchtúrtha é cúrsa oiliúna a chomh-cheanglaíonn foghlaim i suíomh oideachais agus oiliúna agus san ionad oibre arb é is aidhm dó cur le deiseanna fostaíochta na rannpháirtithe, daoine a choinneáil laistigh d'earnáil na tionsclaíochta agus táirgiúlacht earnáil na tionsclaíochta a mhéadú fosta.

**Faoi láthair cuireann ETB Dhún na nGall na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil:**

— Speisialtóir Scéimhe
— Riarachán Gnó agus Gairmiúil
— Suiteáil Córas Cumarsáide
— Eolaí Sonraí
— Fíodóireacht Dhún na nGall
— Innealtóireacht – Táthú agus Oibriú Miotail
— Gruagaireacht
— Tacaíocht Cúraim Sláinte
— Gairneoireacht
— Cleachtas Míchumas Intleachtúil
— Innealtóireacht Mhuirí
— Riarachán Leighis/Dlí
— Teagascóir Gníomhaíochtaí Allamuigh
— Oibríochtaí agus Cothabháil Oibreacha Poiblí

**I ndiaidh dom m'Ardteistiméireacht a chríochnú ní raibh mé cinnte i ndáiríre cad a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh - dar liom nach raibh ciall ar bith le síniú suas le céim ceithre bliana a dhéanamh nuair nach raibh mé cinnte i ndáiríre faoin chonair ghairme ab oiriúnaí dom. Ghlac mé roinnt ama le smaoineamh ar mo chuid roghanna agus bhí spéis agam i gcónaí i Smideadh agus i Scéimh. Nuair a thuig mé go gcuireann ETB Dhún na nGall an Cúrsa Oiliúna i dTeiripe Scéimhe ar fáil, cúrsa atá deimhnithe ag ITEC, rinne sé ciall domsa- ba é sin an cúrsa domsa! Bhí na gnéithe teoirice agus praiticiúla den chúrsa an-taitneamhach, thaitin achan bhomaite go mór liom, bhain mé an gradam Mac Léinn na Bliana fiú agus bhí an áit a raibh mé ag gabháil don tsocrúchán oibre sásta post a thairiscint dom! Tá sé beartaithe agam taisteal chun na hAstráile, áfach, agus anois tá cáilíocht agam a aithnítear ar fud an domhain!**

—

Tara Harley, Cúrsa Oiliúna mar Speisialtóir Scéimhe

Cad chuige ar cheart dom smaoineamh ar chúrsa oiliúna a dhéanamh?

-

Cuireann cúrsaí oiliúna ar chumas na mac léinn scileanna agus eolas ceannródaíoch a fhorbairt ag an obair, rud a fhágann go bhfuil siad níos oilte agus níos infhostaithe mar dhaoine; cuirtear go mór lena gcuid roghanna gairme.

Cad a chosnaíonn sé cúrsa oiliúna a dhéanamh?

-

Tá cúrsaí oiliúna saor in aisce ach d'fhéadfadh go mbeadh roinnt táillí i gceist. Mar shampla leis an Chúrsa Oiliúna mar Speisialtóir Scéimhe, tá mic léinn freagrach as na costais a bhaineann lena dtrealamh smididh féin a cheannach, rud a chosnaíonn timpeall €350.00 de ghnáth (is féidir plean íocaíochta a shocrú sa chás sin). Ina theannta sin tig leat liúntas lóistín nó taistil a éileamh más gá duit stopadh i bhfad ó bhaile le linn an chúrsa.

Cá háit ar féidir liom cúrsa oiliúna a dhéanamh?

-

Reáchtálann ETB Dhún na nGall cúrsaí oiliúna in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.

Cén uair is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chúrsa oiliúna?

-

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar chúrsa oiliúna ag amanna éagsúla i rith na bliana. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne fríd https://www.donegaletb.ie/fetcoursefinder nó fríd an CAO - https://www.cao.ie (ó mhí na Samhna gach bliain).

**Tá cúrsaí oiliúna maoinithe ag an Aontas Eorpach – NextGenerationEU.**

Le cistiú ón Aontas Eorpach
NextGenerationEU

# Cad a shíleann Treoirchomhairleoirí?

Tá an oiread buntáistí ag baint le bealach FET a roghnú i ndiaidh duit an Ardteistiméireacht a chríochnú.  Má tá tú ag iarraidh airgead a thuilleamh agus tú ag foghlaim le linn printíseachta, triail a bhaint as réimse oibre le cúrsa oiliúna nó cúrsa PLC a chríochnú, rud a thabharfaidh sárscileanna inaistrithe duit don ionad oibre nó don choláiste. Tá an oiread sin roghanna agus conairí ar fáil.

—

Rory White, Treoirchomhairleoir,
Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir

Tá an réimse leathan de dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil atá ar fáil dár gcuid mac léinn san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (FET) go hiontach. Tá rud éigin ann do gach duine agus ní féidir an tacaíocht a chuireann an fhoireann dhinimiciúil FET in ETB Dhún na nGall a shárú. Eispéiris foghlama thar a bheith luachmhar is ea an ghné phraiticiúil agus an socrúchán oibre a bhaineann le cúrsaí FET. Ullmhaítear mic léinn le dul isteach sa láthair oibre nó le tabhairt faoi Ardoideachas agus iad ag obair ar a láidreachtaí pearsanta, rud a chuirfidh lena ndeiseanna fostaíochta amach anseo.

—

Shirley McConalogue,Treoirchomhairleoir,
Coláiste Cranncha, Bun Cranncha

Bealach tairbheach, indéanta agus tarraingteach i dtreo na fostaíochta is ea cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna. Cuireann siad eolas agus oiliúint ar rannpháirtithe agus tá siad mar a bheadh conair ann i dtreo an Ardoideachais: ba chóir níos mó mac léinn a spreagadh le cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna a dhéanamh. Tá dreasachtaí móra airgid i gceist le printíseachtaí sa mhéid is nach bhfuil mórán táillí ná táillí ar bith i gceist leo agus tá buntáistí móra ag baint le pá a fháil agus tú ag foghlaim. Ar an dóigh chéanna, ligeann printíseachtaí do mhic léinn blaiseadh a fháil ar réimse oibre nó staidéir ar mhaith leo dul níos doimhne isteach ann amach anseo gan tabhairt faoi chéim ceithre bliana, rud atá ina tiomantas mór agus a d'fhéadfadh imní a chur orthu siúd atá ag iarraidh tabhairt faoin Ardoideachas. Sílim go bhfuil léar mór buntáistí ag baint le Breisoideachas agus Oiliúint do mhic léinn agus ba chóir do scoileanna agus don Roinn Oideachais béim a leagan orthu.

—

Conor Doherty, Treoirchomhairleoir,
Pobalscoil Charn Domhnach

Sna gnáthranganna treorach agus sna coinní aonair a bhíonn againn le mic léinn, molann muid dóibh cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a fhiosrú agus cur isteach orthu, mar aon le roghanna Ardoideachais. Tá sé tábhachtach réimse roghanna agus bealaí chun cinn a thabhairt do dhaoine óga i dtaca le Breisoideachas agus Ardoideachas mar go bhfuil leibhéil éagsúla cumas acu agus spéis acu i réimsí ar leith. Tá sé de nós againn cuairt a thabhairt ar an Ionad Oiliúna i mBaile Raithin uair sa bhliain agus is léir go spreagann sé sin ár gcuid mac léinn leis na roghanna éagsúla FET atá ar fáil go háitiúil a fhiosrú. Is iomaí mac léinn dár gcuid a d'úsáid an bealach Breisoideachais agus Oiliúna le post a fháil nó le tabhairt faoin Ardoideachas agus tá muid bródúil na samplaí sin a thabhairt dár mic léinn Ardteistiméireachta agus iad ag déanamh cinntí tábhachtacha ina mbliain dheireanach ar scoil.

—

Yvonne Doherty, Treoirchomhairleoir,
Coláiste Adhamhnáin, Leitir Ceanainn

# Cad a shíleann Príomhoidí?

**Caithfear tacaíocht a thabhairt do mhic léinn barr a gcumais a bhaint amach agus le bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, cibé cén bealach a roghnaíonn siad. Cuireann FET rogha iontach ar fáil do roinnt mhaith dár gcuid mac léinn agus tugann sé deis dóibh airgead a thuilleamh agus iad ag foghlaim. Tá na costais mhaireachtála ag ardú an t-am ar fad ach cuireann FET ETB Dhún na nGall roinnt mhaith roghanna ar fáil do mhic léinn taobh istigh de Chontae Dhún na nGall, rud a ligeann do mhic léinn maireachtáil, foghlaim agus airgead a thuilleamh go háitiúil. Is iomaí mac léinn FET a thiteann i ngrá leis an fhoghlaim arís ar a dturas FET agus leanann siad ar aghaidh lena gcuid foghlama san earnáil Ardoideachais.**

—

Seán Mac Suibhne, Príomhoide,
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

**Mar Phríomhoide ar scoil atá ina soláthraí breisoideachais (PLC) chonaic mé go pearsanta na buntáistí ollmhóra a bhaineann leis na cúrsaí iontu féin mar chúrsaí a aithnítear go náisiúnta le cáilíochtaí den scoth ach fosta mar thúschúrsaí chuig an ardoideachas agus go díreach chuig fostaíocht inar féidir le mic léinn na cáilíochtaí a fhaigheann siad a úsáid in éineacht leis an tacar scileanna a fhorbraíonn siad le haghaidh dul chun cinn gairme sa todhchaí. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó mac léinn ag titim amach as cúrsaí ardoideachais agus tá mearbhall ar mhic léinn leis na roghanna go léir atá ar fáil dóibh. Cuireann cúrsaí iar-Ardteistiméireachta ardán iontach ar fáil do mhic léinn agus iad ag ullmhú don chéad chéim eile dá bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.**

—

Alan Thompson, Príomhoide,
Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir

**Is iomaí buntáiste a bhaineann le bealach FET a roghnú i ndiaidh duit an Ardteistiméireacht a chríochnú. Bíonn deis agat airgead a thuilleamh agus tú ag foghlaim le linn printíseachta, triail a bhaint as réimse oibre le cúrsa oiliúna nó cúrsa PLC a chríochnú a thabharfaidh sárscileanna inaistrithe duit don ionad oibre nó don choláiste. Bhí sé de nós ag an chóras s'againne le tamall rófhada a thabhairt le fios gurbh é iontráil dhíreach sa 3ú leibhéal an t-aon rogha. Ba mhinic a bhí na costais i bhfad Éireann ródhaor agus chuir siad brú nach raibh gá leis ar theaghlaigh. Tá an iliomad roghanna dinimiciúla ar fáil dár bhfoghlaimeoirí uathúla. Tá an oiread sin roghanna agus conairí iontacha ar fáil. Tá muid thar a bheith bródúil mar scoil gur roghnaigh 23% dár gcéimithe conair na printíseachta in 2018.**

—

John Gorman, Príomhoide,
Pobalscoil na Rosann

**Agus iad ag smaoineamh ar na roghanna atá acu i ndiaidh na hArdteistiméireachta, ba cheart do dhaoine óga machnamh dáiríre a dhéanamh ar na deiseanna go léir atá ar fáil dóibh lena n-áirítear na deiseanna sin sa Bhreisoideachas. Ní hamháin go gcuireann mic léinn lena gcuid oideachais agus iad ag oibriú ó chlár eolasbhunaithe ach forbraíonn mic léinn sa Bhreisoideachas scileanna inaistrithe, go háirithe mar gheall ar thaithí oibre agus socrúcháin. Foghlaimíonn siad ar an láthair oibre, cuireann siad teoiric i bhfeidhm agus mar thoradh air sin tá siad an-eolach agus an-ábalta do phoist de réir mar a thagann siad chun cinn. Is í mo thaithí féin go bhfaigheann na daoine a théann fríd an chóras Breisoideachais taithí iontach agus go bhfuil siad réidh le fostú dá bharr.**

—

Fiona Temple, Príomhoide,
Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach

Mar Phríomhoide ar scoil mhór, tá lúcháir orm go bhfuil níos mór spéise ag mic léinn sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) mar rogha i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Ar feadh tréimhse rófhada, is beag rath a bhí ar ghrúpa beag mac léinn ach suntasach inár gcóras acadúil atá go hiomlán dírithe ar scrúduithe toisc go ndearnadh luach※áil ar a gcuid scileanna agus inniúlachtaí praiticiúla gan aon bhealach oideachasúil inmharthana chun leas a bhaint as a gcumas. Is díol sásaimh dúinn go bhfuil níos mó printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ar fáil anois maidir le gairmeacha nua-aimseartha mar TFC agus ba cheart do na roghanna sin cuidiú ar dhóigh éigin leis an bhealach a réiteach do na deiseanna oilte sin a bheith mar rogha eile in éineacht le dul chun cinn díreach chuig ardoideachas. Mar gheall ar na bearnaí atá inár bhfórsa saothair, na poist a bhfuil meánleibhéal scileanna i gceist leo, an ráta ard fágála ag an tríú leibhéal agus na costais ghaolmhara, tá 'nideoig' ann is féidir le FET a líonadh go compordach.

—

Margaret O Connor, Príomhoide,
Pobalscoil Loreto, Baile na nGallóglach

Tá sé tábhachtach go measann mic léinn agus tuismitheoirí Breisoideachas agus Oiliúint (FET) mar bhealach féideartha le dul chun cinn a dhéanamh. Tá an-mheas ag fostóirí i réimsí ar nós oibriú mar fhoireann, feasacht tráchtála agus scileanna fiontraíochta ar chéimithe ó phrintíseachtaí, ó chúrsaí FET agus ó chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLCanna). Dar le haiseolas ó fhostóirí go bhfuil siad an-sásta ar fad le scileanna ríomhaireachta céimithe FET; a gcumas oibriú go héifeachtach le daoine eile; cumarsáid ó bhéal; uimhearthacht; agus scileanna scríofa.

Maidir le tréithe pearsanta, bíonn an-mheas ag fostóirí ar mhic léinn FET i dtéarmaí: eitic oibre; iontaofacht; dearcaí dearfacha agus feasacht eiticiúil agus shóisialta. Tá níos mó rannpháirtíochta i socrúcháin oibre agus saindeiseanna foghlama ag lear mór de na cúrsaí FET atá ar fáil anois. Is minic a dhíríonn na modhanna measúnaithe a úsáidtear níos mó ar obair thionscadail na mac léinn agus ar réiteach fadhbanna atá chomh hábhartha sin i gcomhthéacs na fostaíochta.

—

An Dr Martin Gormley,
Stiúrthóir Scoileanna, ETB Dhún na nGall

# Cad a shíleann ceannairí earnáil na tionsclaíochta?

**Mothaíonn muidne ag Mooney Boats, na Cealla Beaga go bhfuil cláir oiliúna thar a bheith luachmhar dár dtionscal toisc go mbaineann an t-eolas a chuirtear ar fáil ar an chúrsa go díreach lenár ngnó. Ciallaíonn sé sin go bhfuil buntáiste láithreach ag daoine óga a bhfuil cúrsa oiliúna críochnaithe acu maidir le fostaíocht a fháil. I dtaca le deiseanna fáis agus ionchais fostaíochta; thuairiscigh Fiontraíocht Éireann gur fhás earnáil na hinnealtóireachta go gasta in 2018, agus is fás é sin a fheiceann muid anseo sna Cealla Beaga, ní hamháin linn féin ach leis na cuideachtaí áitiúla a oibríonn anseo. Meastar go leanfaidh an fás a bhfuil taithí phearsanta againn air agus leis an chineál sin fáis sa tionscal, fásfaidh na hionchais fostaíochta agus na deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta fosta.**

—

Lee Mooney, Stiúrthóir Bainistíochta,
Mooney Boats Ltd, na Cealla Beaga

**Tá Innealtóireacht Inis Eoghain ag obair i gcomhpháirtíocht le ETB Dhún na nGall le breis agus 20 bliain agus bhí siad ag lorg cúrsa chun iontrálaithe úra a spreagadh san earnáil Innealtóireachta - tá cúrsa oiliúna ETB Dhún na nGall oiriúnach mar go dtugann sé na bunscileanna iontrála do dhaoine le Táthairí, Oibrithe Miotail, Oibrithe CNC a fhorbairt agus le cur lena scileanna ginearálta innealtóireachta. Molann muid go láidir do dhaoine óga smaoineamh ar Chúrsa Oiliúna mar a gcéad rogha eile i ndiaidh a nArdteistimeireachta.**

—

Michael McKinney, Stiúrthóir Bainistíochta,
Innealtóireacht Inis Eoghain Teo.

**Faoi láthair cuireann ETB Dhún na nGall réimse leathan clár Breisoideachais agus Oiliúna (FET) ar fáil do lucht fágála scoile. Dearadh na cláir sin i gcomhar le fostóirí áitiúla agus tugann siad aghaidh ar riachtanais reatha earnáil na tionsclaíochta agus ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo. Tá sé de bhuntáiste ag na cláir a bheith an-phraiticiúil agus go hiondúil bíonn grúpaí beaga sna ranganna, rud a chinntíonn go dtugann na teagascóirí, a bhfuil taithí acu agus atá inniúil, aird phearsanta shuntasach do na mic léinn. Ar chríochnú sásúil na gclár dóibh, beidh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí ag mic léinn chun fostaíocht a fháil nó chun dul ar aghaidh chuig cláir ardoideachais a reáchtáiltear go háitiúil agus go náisiúnta.**

—

Dr Oran Doherty, Bainisteoir ar an
Phrintíseacht i Maoirseacht Miondíola,
IBEC

**Sa lá atá inniu ann, tá fostóirí ag glacadh le réimse leathan cáilíochtaí ó lucht fágála scoile lena n-áirítear cúrsaí oiliúna praiticiúla, printíseachtaí agus cúrsaí páirtaimseartha eile atá dírithe ar an tionscal agus a thugann scileanna luachmhara do chéimithe. Tá Fiontraíocht Éireann ag obair go dlúth le fostóirí agus le soláthraithe oideachais chun deiseanna oideachais agus oiliúna atá chun tosaigh sa tionscal a fhorbairt dóibh siúd atá ag dul isteach sa lucht saothair, agus chun cúrsaí uasoiliúna a chur ar fáil. Ba cheart do lucht fágála scoile smaoineamh ar réimse bealaí chun a mianta gairme a bhaint amach agus a bheith breá spreagtha de bharr go bhfuil níos mó roghanna ann ná riamh.**

—

Aidan McKenna, Stiúrthóir Réigiúnach,
Réigiún an Oirthuaiscirt & an Iarthuaiscirt,
Fiontraíocht Éireann

**Is mór agam cláir FET ETB Dhún na nGall mar feicim gur deis iontach iad do dhaoine foghlaim agus iad ag obair sa láthair oibre. Is breá liom daoine a oiliúint i mo chistin nach bhfuil mórán taithí acu nó gan aon taithí acu agus féachaint orthu ag forbairt ina gcócairí oilte atá in ann taisteal áit ar bith ar domhan.**

—

Chris McMenamin, iar-Phríomhchócaire,
Óstán Harvey's Point, Baile Dhún na nGall

**Bíonn fonn ar ár mbaill i gcónaí daoine a earcú atá réidh le hobair a dhéanamh leis na scileanna cuí agus an dearcadh ceart don ionad oibre nua-aimseartha. Cuidíonn earnáil na tionsclaíochta áitiúla agus fostóirí áitiúla le ETB Dhún na nGall leis na cúrsaí agus na cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a dhearadh. Tugann na cláir sin deiseanna úra agus conairí gairme difriúla do lucht fágála scoile. Cinnteoidh na cúrsaí praiticiúla agus an aird phearsanta a thugtar do gach mac léinn go mbainfidh an fostóir leas as fostaí a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an dearcadh cuí aige agus gur féidir leis an mhac léinn tosú ar a rogha conaire gairme go muiníneach.**

—

Toni Forrester, POF,
Cumann Tráchtála Leitir Ceanainn

**Is rogha an-mhaith é foghlaim ar an láthair oibre nó foghlaim obairbhunaithe. Mar fhostóir, b'fhearr le Gníomhaireacht Deartha Gréasáin MEANit go mbeadh daoine ag foghlaim ar an láthair oibre ná ag teacht isteach le céim ollscoile. I roinnt mhaith cásanna bíonn gá le meascán d'fhoghlaim ar an láthair oibre agus sa rang. Níl sé an-oiriúnach do gach gairm, ach i gcás fhormhór na ngairmeacha beatha, is rogha iontach é seo agus an ceann is fearr i roinnt mhaith tíortha eile. Tá ETB Dhún na nGall ag déanamh beart de réir a bhriathair maidir le daoine óga díograiseacha 'réidh le hobair' a chur ar fáil dúinn, daoine a chuireann luach lenár ngnó. Rachaidh muid i dteagmháil le ETB Dhún na nGall gan dabht agus muid ag smaoineamh ar dhuine a earcú amach anseo!**

—

Michael MacGinty, Stiúrthóir Díolachán, Gníomhaireacht Deartha Gréasáin MEANit,
Leitir Ceanainn

**Tá fostóirí laistigh den earnáil TFC/Teicneolaíocht an airgeadais ag glacadh le réimse leathan cáilíochtaí ó lucht fágála scoile lena n-áirítear intéirneachtaí praiticiúla, printíseachtaí, cúrsaí páirtaimseartha a bhaineann leis an tionscal a sholáthraíonn scileanna ábhartha do chéimithe. Tá bealaí iomadúla ann chun go n-éireoidh le lucht fágála scoile agus má roghnaíonn tú an rogha/cúrsaí FET i ndiaidh an Ardteistiméireacht a chríochnú, tugann sé rogha tarraingteach duit i dtéarmaí 'tuill airgead agus tú ag foghlaim', bealach malartach chuig fostaíocht, chuig oiliúint agus chuig an Ardoideachas go deimhin. Tá Pramerica bródúil as dul i dteagmháil le gach leibhéal den saol acadúil, gach bealach do lucht fágála scoile a chur chun cinn san oideachas agus san fhostaíocht ionas gur féidir leo leas a bhaint as na buntáistí agus na deiseanna atá ar fáil laistigh den earnáil TFC / Teicneolaíocht an Airgeadais.**

—

David Roche, Stiúrthóir Theicneolaíocht an Airgeadais & Ceann Freagrachta Sóisialta Corparáidí, Tata Consultancy Services

# Déan teagmháil linn

**Is féidir tuilleadh eolais ar ár gcúrsaí FET a fháil ar https: www.donegaletb.ie/fetcoursefinder**

**Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ar go leor de chúrsaí FET ETB Dhún na nGall fríd www.donegaletb.ie/fetcoursefinder nó fríd an CAO - https://www.cao.ie/options (ó mhí na Samhna gach bliain), nó iarratas a chur go díreach chuig ár n-ionaid:**

**Cúrsaí Oiliúna/Sainscileanna**

— Tara McGuire, Oifigeach Earcaíochta, 074 91 20500, coursesdonegaltc@donegaletb.ie


**PLCanna**

— Danielle McGee, Ionad FET Bhun Cranncha, 074 9362466, daniellemcgee@donegaletb.ie
— Caroline Gillespie, Ionad FET Bhaile Dhún na nGall (Droim Chliabh), 074 97 21705, carolineanngillespie@donegaletb.ie
— Sharon Stevenson, Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga, 074 9731491, sharonstevenson@donegaletb.ie
— Michelle O'Reilly, Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn, 074 9121047, michelleoreilly@donegaletb.ie
— Kathleen Boland, Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir, 074 9131684, kathleenboland@donegaletb.ie

**Printíseachtaí**

— An Fhoireann Printíseachta, 074 9120500/087 1183137, apprenticeship@donegaletb.ie

— https://www.donegaletb.ie/feature/programmes/apprenticeships/
— www.apprenticeships.ie




Dearadh © Dún na nGall ETB 2023

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*